Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2019
(OR. en)**

**14653/19**

**ENT 265
MI 826**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 28 Samhain 2019 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13814/19 ENT 246 MI 772 + COR 1 |
| Ábhar: | An Geilleagar Ciorclach san earnáil Foirgníochta<br>- Conclúidí ón gComhairle (a glacadh an 28 Samhain 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an "Geilleagar Ciorclach san Earnáil Foirgníochta", a ghlac an Chomhairle (Iomaíochas) ag an gcruinniú a bhí aici ar an 28 Samhain 2019.

**An geilleagar ciorclach san earnáil foirgníochta**

**Conclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS,

AG MEABHRÚ DI:

Na conclúidí ón gComhairle maidir leis an méid a leanas

– Tuilleadh ciorclaíochta – Aistriú chuig sochaí inbhuanaithe[1]

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go n-úsáidtear leath d'acmhainní nádúrtha an domhain don fhoirgníocht[2], go n-úsáidtear 40% den tomhaltas fuinnimh deiridh le linn shaolré na bhfoirgneamh[3], gurb ionann an méid carbóin chorpraithe i dtáirgí foirgníochta agus 10–20% den mhéid iomlán de charbón corpraithe i bhfoirgnimh san Aontas[4], agus gurb ionann an dramhaíl tógála agus scartála agus aon trian den dramhaíl a ghintear san Aontas[5], agus AITHNÍONN SÍ an sciar méadaitheach d'fhuinneamh corpraithe maidir leis an éileamh fuinnimh a laghdú i gcás shaolré na bhfoirgneamh;

2. AITHNÍONN SÍ an deis mhór chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht acmhainní agus ar an gciorclaíocht a bhaineann le monaraíocht, úsáid agus cóireáil táirgí agus trealaimh a bhfuil a ré caite;

3. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá aistriú, i gcomhréir le Comhaontú Pháras[6], chuig geilleagar aeráidneodrach atá níos ciorclaí ó thaobh foinsiú agus monarú táirgí foirgníochta agus a n-úsáid inbhuanaithe in oibreacha foirgníochta;

---

[1] 12791/19 ón gComhairle.

[2] Herczeg, McKinnon, Milios, et al. (2014). Éifeachtúlacht acmhainne in earnáil na foirgníochta. Tuarascáil deiridh chuig Ard-Stiúrthóireacht an Comhshaoil.

[3] Cao, Dai & Liu (2016). "Building energy-consumption status worldwide and the state-of-the-art technologies for zero-energy buildings during the past decade" [An scéal domhanda maidir le tomhaltas fuinnimh foirgneamh agus teicneolaíochtaí úrscothacha le haghaidh foirgneamh nach mór neodrach le deich mbliain anuas] in Energy and Buildings 128: 198/-213.

[4] Material Economics, 2018, "Circular Economy – A Powerful Force for Climate Mitigation" [An Geilleagar Ciorclach - Fórsa Cumhachtach chun an tAthrú Aeráide a mhaolú]

[5] Eurostat (2019). Straidreamh dramhaíola. Ar fáil ag: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Waste_statistics#Total_waste_generation

[6] Comhaontú faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC), ina bpléitear maolú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, oiriúnú, agus maoiniú, arna shíniú in 2016. Ar fáil ar líne: https://unfccc.int/sites/default/files/english_paris_agreement.pdf

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb éard atá sna foirgnimh agus sa bhonneagar atá ann cheana ná stór ábhar agus ba cheart leas a bhaint as;

5. TUGANN SÍ LE FIOS gurb iad foirgnimh an tomhaltóir fuinnimh is mó san Eoraip, go bhfuil an earnáil foirgníochta an-dian ar ábhair agus ar charbón agus gur féidir le cothú agus athchóiriú na bhfoirgneamh agus an bhonneagair atá ann cheana, agus foirgníocht chiorclach nua, ról a imirt-maidir le haistriú glas aeráidneodrach a bhaint amach;

6. AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí poist a chruthú agus cur le geilleagar foriomlán an Aontais le geilleagar ciorclach. D'fhéadfaí suas le 60 milliún post nua a chruthú ar fud an domhain de thoradh ar an aistriú chuig geilleagar ciorclach sa scór bliain atá romhainn[7]. San Aontas, meastar gurb í an earnáil foirgníochta is mó a bhainfidh tairbhe as, agus d'fhéadfaí 6.5 milliún post nua a chur léi faoi 2030[8];

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta a chur chun cinn agus a chistiú chomh maith le tráchtálú torthaí taighde a chur chun cinn chun táirgí agus ábhair foirgníochta níos inbhuanaithe a fhorbairt, ábhair athchúrsáilte san áireamh, ionas gur mó an deis go mbeadh roinnt mhaith saolréanna ag foirgnimh agus lena ndéantar tionchar saolré na bhfoirgneamh a laghdú, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus astaíochtaí $CO_2$ a laghdú nó iad a ionsú;

8. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún ciorclaíocht táirgí foirgníochta a éascú agus athbhreithniú á dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 maidir le Táirgí Foirgníochta agus an méid is mó is féidir a dhéanamh chun na buntréithe comhfhreagracha is gá a áireamh i Sonraíochtaí Teicniúla (Comhchuibhithe) chun a áirithiú go n-urraimeofar leis na táirgí sin gach ceanglas is infheidhme faoin Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta;

---

7 An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, *A just transition to a sustainable future - Next steps for Europe*, ILO-Brussels, an Bhruiséil, 2017.

8 G. Montt, J. Capaldo, M. Esposito, M. Harsdorff, N. Maitre agus D. Samaan, "Employment and the role of workers and employers in a green economy", in Greening with Jobs - World Employment and Social Outlook 2018, 2018.

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil go leor i gceist maidir leis an mbunriachtanas i ndáil le hoibreacha foirgníochta (buncheanglais ar oibreacha) 7 don gheilleagar ciorclach, agus gur gá sainiúlacht na sonraíochtaí teicniúla arna gceapadh don dearbhú um tháirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur san áireamh in BCO, agus MOLANN SÍ don Choimisiún, i gcomhpháirt leis na Ballstáit, na caighdeáin atá ann cheana a mheas, go háirithe EN 15804 agus EN 15978 chun go bhféadfar úsáid a bhaint as na sonraí arna ndearbhú don mheasúnú ar fheidhmíocht chomhshaoil foirgneamh;

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé soláthar faisnéise feidhmíochta maidir le saintréithe a bhaineann le BCO 3 (Sláinteachas, sláinte agus an comhshaol) agus BCO 7 (Úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta a chumasú, i gcás táirgí foirgníochta chomh maith, táirgí a chumhdaítear faoi chaighdeáin táirgí chomhchuibhithe, a bhfuil na saintréithe sin in easnamh;

11. CUIREANN SÍ I dTREIS cineál deonach athúsáid na dtáirgí foirgníochta;

12. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé na gnéithe sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le táirge foirgníochta a áirithiú agus é á athúsáid nó á mhonarú as ábhar athchúrsáilte freisin; go háirithe agus an méid a leanas á chur san áireamh: éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann, inbhuanaitheacht agus marthanacht laghdaithe an ábhair athchúrsáilte nó athúsáidte agus an fhéidearthacht gan athchúrsáil ábhar áirithe a chur san áireamh a bhfuil feidhm áirithe sláinteachais nó feidhm atá ábhartha ó thaobh an chomhshaoil de ag baint leo;

13. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá feasacht a mhúscailt trí ghníomhaíochtaí chun muinín an phobail i gcoitinne a neartú maidir le sábháilteacht agus cáilíocht táirgí foirgníochta atá déanta as ábhair athchúrsáilte agus as táirgí foirgníochta athúsáidte agus gníomhaíochtaí maidir leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as na táirgí sin;

14. AITHNÍONN SÍ nach féidir gach gné a bhaineann le hathúsáid agus athchúrsáil táirgí foirgníochta agus na hábhair atá iontu a réiteach le hathbhreithniú féideartha ar an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún in éineacht leis na Ballstáit agus na geallsealbhóirí beartas a cheapadh maidir le hathúsáid agus athchúrsáil táirgí agus ábhair foirgníochta bunaithe ar mheasúnú saolré agus cuspóirí agus spriocanna inbhuanaithe a chomhtháthú;

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé prionsabail na ciorclaíochta, smaointeoireacht dírithe ar an saolré agus ar an dearadh modúlach a chomhtháthú san fhoirgníocht trí bhreis forbartha a dhéanamh ar uirlisí amhail Level(s)[9], critéir maidir le Soláthar Poiblí Glas le haghaidh oibreacha foirgníochta[10] agus an Prótacal AE um Bainistiú Dramhaíola i ndáil le Tógáil agus Dramhaíl[11] i gcás inarb déanta, agus a n-úsáid a chothú i measc na mBallstát agus treoirlínte a sholáthar le haghaidh iniúchtaí dramhaíola sula gcuirtear tús le hoibreacha scartála agus athchóirithe;

16. MOLANN SÍ don Choimisiún, i dteannta na mBallstát, féachaint ar bhearta amhail:

a) an gaol idir an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta agus reachtaíocht eile an Aontais a shoiléiriú, amhail an Treoir Réime Dramhaíola (2008/98/CE[12]) lena n-áirítear critéir deireadh dramhaíola maidir le táirgí foirgníochta in-athúsáidte agus ábhair a athshlánaítear ó dhramhaíl tógála,

b) an gaol idir reachtaíocht an Aontais a bhaineann le táirgí a shoiléiriú, amhail an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht (2009/125/CE[13]) agus an Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh (Rialachán (AE) 2017/1369[14]), agus an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta i ndáil le ceanglais le haghaidh dearbhuithe,

c) an gaol idir reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, amhail an Treoir maidir le huisce óil (98/83/CE[15]), agus an Treoir um Tháirgí Foirgníochta, a shoiléiriú d'fhonn aon chontrárthachtaí agus fadhbanna maidir leis an gcur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint,

---

9 Creat tuairiscithe dheonaigh ón gCoimisiún Eorpach maidir le hinbhuanaitheacht foirgneamh. Tuilleadh faisnéise: https://ec.europa.eu/environment/eussd/buildings.htm

10 Critéir an Choimisiúin Eorpaigh maidir le soláthar poiblí glas i ndáil le dearadh, tógáil agus bainistiú foirgneamh oifige. Ar fáil ar líne: https://ec.europa.eu/environment/gpp/eu_gpp_criteria_en.htm

11 togra treorach neamhcheangailteach ón gCoimisiún Eorpach don tionscal. Ar fáil ar líne: https://ec.europa.eu/growth/content/eu-construction-and-demolition-waste-protocol-0_en

12 arna leasú go deireanach

13 arna leasú go deireanach

14 arna leasú go deireanach

15 arna leasú go deireanach

d) soiléiriú maidir leis an gcaoi ar féidir forbairt níos fearr a dhéanamh ar an ngaol idir an reachtaíocht maidir le ceimiceáin, amhail REACH (Rialachán CE Uimh. 1907/2006[16]) agus an Rialachán um Tháirgí Foirgníochta,

e) úsáid níos comhsheasmhaí a bhaint as na sainmhínithe agus an téarmaíocht atá ann cheana ar "athúsáid" agus ar "athchúrsáil" sa Treoir um Tháirgí Foirgníochta agus na caighdeáin a ghabhann léi ar lámh amháin, agus úsáid a bhaint as na sainmhínithe agus as an téarmaíocht atá ann ceann sa reachtaíocht maidir le dramhaíl ar "aisghabháil", ar an lámh eile,

f) an fhéidearthacht forálacha a éascú le haghaidh margaidh ina mbeadh ábhair ardcháilíochta ann ón athúsáid, i dtús báire, agus ansin ón athchúrsáil,

g) an fhéidearthacht úsáid níos leithne na ngnéithe struchtúracha modúlacha agus na dtáirgí foirgníochta modúlacha a éascú,

h) coinníollacha maidir le córais a chruthú agus a mhaoiniú amhail ardáin dhigiteacha maidir le táirgí athchúrsáilte agus athúsáidte a mhargú,

i) claochlú digiteach mar uirlis chun an geilleagar ciorclach a éascú maidir le foirgníocht,

j) coinníollacha lena gcuirtear measúnú saolré ar tháirgí foirgníochta chun cinn, i gcás inarb iomchuí,

k) bearta atá dírithe ar theorainn a chur leis an mbarrachas de thionscadail agus d'ábhar foirgníochta lena bhféadfaidh dreasachtaí a bheith i gceist d'oibreoirí eacnamaíocha chun an barrachas sin a thógáil ar ais,

---

16 arna leasú go deireanach

l) forálacha lena gcuirtear doiciméadacht chun cinn (amhail logleabhar ar leibhéal na hoibre foirgníochta lena n-áirítear táirgí nó pas ábhair nó iniúchadh roimh an scartáil) chun na táirgí agus na hábhair foirgníochta uile a úsáidtear san obair foirgníochta a liostú chun go bhféadfar na substaintí nó na hábhair a rianú agus chun go mbeadh níos mó eolais ann i dtaobh a bhfuil sa táirge foirgníochta agus san obair foirgníochta; tá bailiú na sonraí sin ríthábhachtach chun ionstraimí digiteacha a fhorbairt, amhail an Samhaltú Faisnéise Foirgneamh (BIM)[17], bainistiú agus athchúrsáil inbhuanaithe fhadtéarmach na bhfoirgneamh,

m) forálacha lena gcuirtear chun cinn rogha mhalartach ar an rialú táirgeachta sa mhonarcha (RTM) le haghaidh táirgí foirgníochta athúsáidte, agus an prionsabal 'smaoinigh ar fhiontair bheaga ar dtús' á chur san áireamh freisin;

17. AITHNÍONN SÍ an obair a rinne na Ballstáit maidir le treoirthionscadail a fhorbairt, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí tionscadail éifeachtacha a mhéadú agus a indéanta atá siad maidir leis na sainiúlachtaí sna Ballstáit eile a scrúdú;

18. IARRANN SÍ ar na Ballstáit iarrachtaí breise a dhéanamh maidir lena dtreochláir agus straitéisí náisiúnta a fhorbairt agus a neartú i ndáil leis an ngeilleagar ciorclach san earnáil foirgníochta agus i gcás inarb infheidhme, na córais mheasúnaithe náisiúnta le haghaidh na tógala inbhuanaithe nó na córais le haghaidh geilleagar ciorclach maidir le foirgnimh á gcur san áireamh, nó sonraíochtaí teicniúla ábhartha laistigh de Mhargadh Inmheánach an Aontais Eorpaigh i gcás inarb ann dóibh;

19. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá na prionsabail maidir le rialáil níos fearr mar réamhriachtanas chun timpeallacht rialála a sheasfaidh an aimsir agus atá fianaise-bhunaithe a chothú. Maidir leis sin, CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil ról lárnach ag na Ballstáit agus ag na geallsealbhóirí i gcéim ullmhúcháin an athbhreithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán um Tháirgí Foirgníochta. MOLANN SÍ don Choimisiún comhleanúnachas na reachtaíochta Eorpaí a bhaineann le táirgí a fheabhsú.

---

[17] Léiriú digiteach ar shaintréithe fisiciúla, feidhmiúla agus ar shaintréithe eile a bhaineann le foirgneamh nó le timpeallacht thógtha.